Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2021/0427(COD)

11.9.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar ionstraimiú i réimse na himirce agus an tearmainn
(COM2021/0890 – C9-0474/2021 – 2021/0427(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Patryk Jaki

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar ionstraimiú i réimse na himirce agus an tearmainn (COM2021/0890 – C9-0474/2021 – 2021/0427(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM2021/0890),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal xx den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0474/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) D'fhéadfadh staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh a theacht chun cinn i gcás ina dtionscnaíonn tríú tír ***sreabha imirce*** neamhrialta isteach san Aontas trí ghluaiseacht náisiúnach tríú tír chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, is é sin isteach ***ina*** chríoch féin i dtosach báire nó ag teacht óna chríoch féin agus ansin ar aghaidh chuig na	(1) D'fhéadfadh staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh a theacht chun cinn i gcás ina dtionscnaíonn tríú tír ***nó gníomhaire neamhstáit imirce*** neamhrialta isteach san Aontas trí ghluaiseacht náisiúnach tríú tír ***nó daoine gan stát*** chuig teorainneacha seachtracha na mBallstát a spreagadh nó a éascú go gníomhach, ***nó fiú trí iallach a chur orthu*** gluaiseacht mar sin, is é sin isteach ina

teorainneacha seachtracha sin, i gcás ina léiríonn na gníomhaíochtaí sin rún chun an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, caomhnú rialach agus reachta, nó cosaint a shlándála náisiúnta.

chríoch féin i dtosach báire nó ag teacht óna chríoch féin agus ansin ar aghaidh chuig na teorainneacha seachtracha sin ***nó chuig críoch Bhallstáit amháin nó níos mó***, i gcás ina léiríonn na gníomhaíochtaí sin rún tríú tír ***nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é*** chun an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, caomhnú rialach agus reachta, nó cosaint a shlándála náisiúnta. ***Is iomchuí sainmhíniú dlíthiúil ar ionstraimiú sa Rialachán seo a ailíniú leis an sainmhíniú a úsáidtear i Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].***

[1a] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) Sna cásanna ina mbíonn gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad páirteach sa choireacht eagraithe, go háirithe trí imircigh a smuigleáil, níor cheart a mheas gur ionstraimiú imirceach é sin nuair nach aidhm dó an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú. Thairis sin, níor cheart oibríochtaí cabhrach daonnúla a mheas mar staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh nuair nach aidhm dóibh an tAontas nó Ballstát a

dhíchobhsú.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is toradh é an Rialachán seo ar an gcuireadh ón gComhairle Eorpach chuig an gCoimisiún ina conclúidí an 22 Deireadh Fómhair 2021 aon athrú riachtanach ar chreat dlíthiúil an Aontais agus aon bheart nithiúil a mholadh chun freagairt láithreach agus iomchuí ar an mbagairt hibrideach a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Thairis sin, cuidíonn sé le creat cuimsitheach buan a bhunú chun na huirlisí is gá a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann chun freagairt go héifeachtach agus go pras ***do staid*** ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú ina n-iomláine.	(2) Is toradh é an Rialachán seo ar an gcuireadh ón gComhairle Eorpach chuig an gCoimisiún ina conclúidí an 22 Deireadh Fómhair 2021 aon athrú riachtanach ar chreat dlíthiúil an Aontais agus aon bheart nithiúil a mholadh chun freagairt láithreach agus iomchuí ar an mbagairt hibrideach a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Thairis sin, cuidíonn sé le creat cuimsitheach buan a bhunú le gur féidir na huirlisí riachtanacha a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann chun freagairt go héifeachtach agus go tapa ***do staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo***, agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú ina n-iomláine.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ar cheann de na huirlisí sin atá sa Rialachán seo, tá nós imeachta éigeandála i ndáil le ***bainistiú imirce*** agus tearmann á thabhairt isteach lena bhféadfaí na Ballstáit leas a bhaint as uirlisí dlíthiúla chun	(3) Ar cheann de na huirlisí sin atá sa Rialachán seo, tá nós imeachta éigeandála i ndáil le tearmann ***agus filleadh*** á thabhairt isteach lena bhféadfaí na Ballstáit leas a bhaint as uirlisí dlíthiúla chun aghaidh a

aghaidh a thabhairt ar staideanna a bheidh amach anseo ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh.

thabhairt ar chásanna a bheidh ann amach anseo ina mbeidh ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 1, 4, 7, 24, 18 agus 19(2) agus (2) de, chomh maith le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun léiriú a thabhairt, go háirithe, ar an bpríomhchomaoin nach mór a thabhairt do leas an linbh, ar an ngá atá ann saol an teaghlaigh a urramú, agus chun cosaint shláinte na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha agus coimircí sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le mionaoisigh neamhthionlactha mar aon le mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh, agus maidir le hiarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht shonrach agus leordhóthanach uathu i ngeall ar a riocht sláinte. Ba cheart go leanfadh na rialacha agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i Rialachán (AE) XXX/XXX[19] [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] d'fheidhm a bheith acu maidir le daoine atá faoi réir an nós imeachta éigeandála um ***bainistiú tearmainn***, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo. Na rialacha atá leagtha amach i dTreoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha][20], lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a choinneáil, ba cheart iad a bheith infheidhme fós, ón tráth	(4) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 1, 4, 7, 24, 18 agus 19(2) agus (2) de, chomh maith le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun léiriú a thabhairt, go háirithe, ar an bpríomhchomaoin nach mór a thabhairt do leas an linbh, ar an ngá atá ann saol an teaghlaigh a urramú, agus chun cosaint shláinte na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha agus coimircí sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le mionaoisigh neamhthionlactha mar aon le mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh, agus maidir le hiarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht shonrach agus leordhóthanach uathu i ngeall ar a riocht sláinte. Ba cheart go leanfadh na rialacha agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i Rialachán (AE) XXX/XXX[19] [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] d'fheidhm a bheith acu maidir le daoine atá faoi réir an nós imeachta éigeandála ***tearmainn***, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo. Na rialacha atá leagtha amach i dTreoir XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)][20], lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a choinneáil, ba cheart iad a bheith infheidhme fós, ón tráth

a dhéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar aghaidh, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo.

---

[19] IO C , , lch. .

[20] IO C , , lch. .

a dhéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar aghaidh, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo.

---

[19] IO C , , lch. .

[20] IO C , , lch. .

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Maidir le Ballstát atá ag dul i ngleic le ***staid an*** ionstraimithe, chun cuidiú leis an mBallstát sin bainistiú ordúil a dhéanamh ar na sreafaí, faoin nós imeachta éigeandála um ***bainistiú*** tearmainn, ba cheart an Ballstát lena mbaineann a bheith in ann cinneadh a dhéanamh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach leis an tríú tír atá ag déanamh ionstraimiú ar imircigh tar éis trasnú neamhdhleathach nó tar éis dóibh iad féin a chur i láthair ag pointí trasnaithe teorann, cinneadh maidir le gan iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ach ag pointí sonracha clárúcháin arna n-ainmniú chun na críche sin ar pointí iad atá suite i ngaireacht don teorann, agus féidearthacht éifeachtach a sholáthar gan iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach ach amháin ag na pointí sonracha atá ainmnithe chun na gcríoch sin, pointí ar cheart rochtain éasca a bheith orthu. Ní mór fíor-rochtain éifeachtach ar an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát	(5) ***I staid ina mbeadh ionstraimiú á dhéanamh, d'fhéadfaí go mbeadh méadú ar líon cásanna na n-iarratas ar thearmann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta á ndéanamh ag an teorainn sheachtrach nó i limistéar idirthurais Ballstáit, go minic iarratais ó dhaoine a ghabhtar i dtaca le trasnú neamhúdaraithe na teorann seachtraí, ar tír, ar muir nó san aer, nó ó dhaoine a chuirtear i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.*** Chun cuidiú le Ballstát atá ag dul i ngleic le ***staid*** ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, chun bainistiú ordúil a dhéanamh ar na sreabha, faoin nós imeachta éigeandála tearmainn, ba cheart, i gcás náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach leis an tríú tír a bhfuil ionstraimiú ar imircigh á dhéanamh aici, tar éis trasnú neamhdhleathach ***ar tír, ar muir nó san aer, nó daoine a cuireadh i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála***, nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann, go mbeadh an Ballstát lena mbaineann in ann a chinneadh gan iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ach amháin ag pointí sonracha clárúcháin arna

lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar líon leordhóthanach pointí clárúcháin, a bhféadfadh pointí trasnaithe teorann a bheith ar áireamh iontu, a ainmniú agus a oscailt chun na críche sin. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas go cuí faoi na háiteanna ina gclárófar a n-iarratas agus inar féidir iad a chur isteach.

n-ainmniú chun na críche sin, atá suite i ngaireacht don teorann, agus gan féidearthacht éifeachtach a sholáthar chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach ach amháin ag na pointí sonracha arna n-ainmniú chun na gcríoch sin, pointí ar cheart rochtain éasca a bheith orthu. Ní mór fíor-rochtain éifeachtach ar an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar líon leordhóthanach pointí clárúcháin, a bhféadfadh pointí trasnaithe teorann a bheith ar áireamh iontu, a ainmniú agus a oscailt chun na críche sin. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas go cuí faoi na háiteanna ina gclárófar a n-iarratas agus inar féidir iad a chur isteach.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I staid ina bhfuil ionstraimiú a dhéanamh ar imircigh, tá sé fíor-riachtanach cosc a chur ar dhul isteach na ndaoine sin nach gcomhlíonann coinníollacha maidir le dul isteach, agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú an tráth céanna. Chun a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag an mBallstát atá ag dul i ngleic le staid den chineál sin agus chun nach ndíreoidh tríú tír naimhdeach ar náisiúntachtaí sonracha nó ar chatagóirí sonracha náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát, ba cheart é a bheith indéanta don Bhallstát lena mbaineann, faoin nós imeachta éigeandála i ndáil le ***bainistiú***	(6) I staid ina bhfuil ionstraimiú a dhéanamh ar imircigh, tá sé fíor-riachtanach cosc a chur ar dhul isteach na ndaoine sin nach gcomhlíonann coinníollacha maidir le dul isteach, agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú an tráth céanna. Chun a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag an mBallstát atá ag dul i ngleic le staid den chineál sin agus chun nach ndíreoidh tríú tír naimhdeach ar náisiúntachtaí sonracha nó ar chatagóirí sonracha náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát, ba cheart é a bheith indéanta don Bhallstát lena mbaineann, faoin nós imeachta éigeandála um bainistiú

imirce agus tearmainn a leagtar amach sa Rialachán seo, cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú nós imeachta teorann, mar a leagtar amach in Airteagal 41 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh tríú tír nó ó dhaoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don tríú tír tar éis dóibh dul isteach go neamhdhleathach nó tar éis dóibh dul chomh fada leis na pointí trasnaithe teorann. Ní mór na prionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] a urramú.

tearmainn a leagtar amach sa Rialachán seo, cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú nós imeachta teorann, mar a leagtar amach in Airteagal 41 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh tríú tír nó ó dhaoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don tríú tír tar éis dóibh dul isteach go neamhdhleathach nó tar éis dóibh dul chomh fada leis na pointí trasnaithe teorann. Ní mór na prionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] a urramú.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ***I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ba cheart go bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú laistigh de thréimhse shínte ceithre seachtaine. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn ar feadh uastréimhse 16 seachtaine. An cinneadh maidir leis an iarratas,*** lena n-áirítear ***cinneadh maidir le hachomharc a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne cinneadh diúltach, rud nár cheart éifeacht fionraíochta uathoibríoch a bheith aige, mura ndéanfar an cinneadh sin laistigh de 16 seachtaine,*** ba cheart ***dul isteach sa chríoch a dheonú, ach amháin má tá an duine faoi réir an nós imeachta um fhilleadh***. ***Ceapadh na hamlínte nós imeachta sin chun cabhrú leis an***	(9) ***I gcás ina gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta éigeandála tearmainn,*** ba cheart ***do na húdaráis inniúla tús áite a thabhairt*** do ***na coimircí d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha nó nós imeachta acu***, lena n-áirítear ***fadhbanna sláinte***. ***Níor cheart don*** Bhallstát atá ag déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***an nós imeachta éigeandála tearmainn a chur i bhfeidhm nó ba cheart dó scor dá gcur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil cúiseanna leighis ann gan an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 41(9), pointe (c) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] nó i gcás nach féidir an tacaíocht is gá a chur ar fáil d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu i gcomhréir le***

mBallstát lena mbaineann déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh. I gcás ina mbeidh Ballstát ag dul i ngleic le staid den chineál sin, ní mór don Bhallstát lena mbaineann acmhainní a atreorú chun bainistiú a dhéanamh ar na náisiúnaigh tríú tír atá ag baint a dteorainneacha amach nó atá ar a chríoch cheana féin. Mar thoradh air sin, i staideanna den chineál sin, d'fhéadfadh am a bheith ag teastáil ón mBallstát lena mbaineann chun a chuid acmhainní a atheagrú agus chun a acmhainneacht a mhéadú, lena n-áirítear le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais. Ina theannta sin, beidh líon na n-iarratasóirí a dhéanfaidh iarratas faoin nós imeachta teorann níos airde ná mar is gnáth, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ón mBallstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***chun cinntí a dhéanamh gan cead a thabhairt dul isteach sa chríoch.*** Mar sin féin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt do ***chlárú*** iarratais na gcásanna ***a bhfuil bunús maith leo agus*** do chlárú na n-iarratas ó mhionaoisigh neamhthionlactha ***agus*** ó mhionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.

hAirteagal 41(9), pointe (b) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]. Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt do ***scrúdú*** a dhéanamh ar iarratais ***ó dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós imeachta Tearmainn] agus a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(13) de Threoir XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)], go háirithe*** mionaoisigh neamhthionlactha, mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ní mór aon ghníomhaíocht fhoréigneach ag an teorainn a sheachaint ar ais nó ar éigean, ní hamháin chun iomláine chríochach agus slándáil an Bhallstáit atá ag dul i ngleic leis an ionstraimiú a chosaint ach chun slándáil agus sábháilteacht na náisiúnach tríú tír nó na	(10) Ní mór aon ghníomhaíocht fhoréigneach ag an teorainn a sheachaint ar ais nó ar éigean, ní hamháin chun iomláine chríochach agus slándáil an Bhallstáit atá ag dul i ngleic leis an ionstraimiú a chosaint ach chun slándáil agus sábháilteacht na náisiúnach tríú tír nó na

ndaoine gan stát a áirithiú freisin, lena n-áirítear teaghlaigh agus leanaí atá ag fanacht lena ndeis iarratas a dhéanamh ar thearmann san Aontas go síochánta. I gcás ina mbeidh ar an mBallstát lena mbaineann dul i ngleic le gníomhaíochtaí foréigneacha ag a theorainneacha seachtracha, lena n-áirítear i gcomhthéacs iarrachtaí náisiúnach tríú tír teacht isteach ina slua gan chead agus modhanna foréigneacha ***díréireacha*** a úsáid, ba cheart an Ballstát lena mbaineann a bheith in ann na bearta is gá a dhéanamh i gcomhréir lena dhlí náisiúnta chun an tslándáil, an dlí agus an t-ord a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

ndaoine gan stát a áirithiú freisin, lena n-áirítear teaghlaigh agus leanaí atá ag fanacht lena ndeis iarratas a dhéanamh ar thearmann san Aontas go síochánta. I gcás ina mbeidh ar an mBallstát lena mbaineann dul i ngleic le gníomhaíochtaí foréigneacha ag a theorainneacha seachtracha, lena n-áirítear i gcomhthéacs iarrachtaí náisiúnach tríú tír teacht isteach ina slua gan chead agus modhanna foréigneacha a úsáid, ba cheart an Ballstát lena mbaineann a bheith in ann na bearta comhréireacha is gá a dhéanamh i gcomhréir lena dhlí náisiúnta chun an tslándáil, an dlí agus an t-ord a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun an nós imeachta ***éigeandála*** um ***bainistiú*** tearmainn ***ag an teorainn sheachtrach*** a chomhlánú agus a áirithiú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i gcrích, tar éis nós imeachta ***éigeandála um bainistiú tearmainn*** a chur i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh][22] ***i dtaca le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát ar diúltaíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs nós imeachta éigeandála um bainistiú tearmainn mar a leagtar amach sa Rialachán seo.*** I gcás ina ndéantar iarratas ina dhiaidh sin díreach	(12) Chun an nós imeachta tearmainn a chomhlánú agus chun comhleanúnachas iomlán leis a áirithiú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i gcrích tar éis an ***nós imeachta tearmainn, i gcás inar diúltaíodh d'***iarratas ***maidir le nós imeachta ar tháinig deireadh leis gan cosaint idirnáisiúnta a bheith deonaithe***. Ar an gcúis sin, i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***agus gan dochar do shocruithe idir an tAontas agus tríú tír atá ann cheana um athligean isteach***, ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm ***Airteagal 41a de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]***, Treoir

chun moill nó bac a chur ar an bhfilleadh, is féidir leis na Ballstáit na rialacha a leagtar amach in Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] a chur i bhfeidhm. ***Tá na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh] de bhua Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin, i dtaca le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a ghabhtar i dtaca le trasnú mírialta teorann seachtraí Ballstáit ar tír, ar muir nó san aer agus nach bhfuair údarú nó ceart fanachta faighte acu ina dhiaidh sin sa Bhallstát sin.***

XXX/XXX [***an*** Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)], ***agus an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm ina n-ionad sin agus mutatis mutandis Airteagal 4(4) de Threoir XXX/XXX [an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)] á chur i bhfeidhm ag an am céanna. Tá ráthaíochtaí bunúsacha in Airteagal 4(4) den Treoir sin a urramófar sna cásanna sin freisin.*** I gcás ina ndéantar iarratas ina dhiaidh sin díreach chun moill nó bac a chur ar an bhfilleadh, is féidir leis na Ballstáit na rialacha a leagtar amach in ***[***Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]***]*** a chur i bhfeidhm.

---

[22] IO C , , lch. .

---

[22] IO C , , lch. .

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14 a) I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar gach beart chun imirce thánaisteach neamhrialta a chosc agus, ag an am céanna, tacaíocht iomlán a thabhairt do Bhallstát amháin nó níos mó ina bhfuil náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ag teacht mar thoradh ar an gcás sin. Anuas air sin, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir le riail agus reacht a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Má iarrann an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear i bhfeidhm na maoluithe ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo, ***agus é á chur*** san áireamh ar thug an Chomhairle Eorpach aitheantas go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ***ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra a thabhairt ar aghaidh lena n-údarófar do Bhallstát na rialacha maolaitheacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Chun ardleibhéal grinnscrúdúcháin pholaitiúil agus tacaíochta polaitiúla a áirithiú agus chun treisiú a dhéanamh ar léiriú dhlúthpháirtíocht an Aontais i leith an Bhallstáit atá ag dul i ngleic le*** hionstraimiú imirceach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle. ***Dá bhrí sin, ba cheart don*** Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ***a ghlacadh*** lena n-údaraítear do ***na Ballstáit rialacha maolaitheacha*** a chur i bhfeidhm.	(18) Má iarrann an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear i bhfeidhm na maoluithe ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo, ***ar bhonn fianaise lena léirítear gurb ann do staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, ba cheart don Choimisiún togra a chur ar aghaidh lena n-údarófar do Bhallstát na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann togra den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin a dhéanamh ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach. Ina theannta sin, chun ardleibhéal grinnscrúdaithe pholaitiúil agus tacaíochta polaitiúla a áirithiú agus chun dlúthpháirtíocht an Aontais a léiriú, ní mór a chur*** san áireamh ar aithin an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit ag déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh. ***Agus*** ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ***d'fhéadfadh sé go gcuirfí i mbaol feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit, lena n-áirítear riail agus reacht a choinneáil ar bun nó a shlándáil náisiúnta a choimirciú. Dá bhrí sin,*** ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle ***chun*** cinneadh cur chun feidhme ***a ghlacadh*** lena n-údaraítear ***do Bhallstát*** na ***maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo*** a chur i bhfeidhm. ***Ba cheart freisin é a thabhairt de chumhacht*** don Chomhairle ***feidhmiú na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a aisghairm, nó síneadh suas le 6 mhí a chur leo, ar bhonn an togra ón gCoimisiún agus ag brath ar cibé atá na himthosca a thugann údar le***

tabhairt isteach na maoluithe ann i gcónaí nó ar tháinig deireadh leo. D'fhéadfaí leasú ar na maoluithe a cuireadh i bhfeidhm a áireamh sa chinneadh maidir le síneadh a chur leo. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu, ba cheart don Choimisiún agus don Chomhairle a áirithiú i gcónaí go n-urramófar prionsabal na comhréireachta.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18 a) Níor cheart gá a bheith le cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle ach amháin i gcásanna sonracha, go háirithe i gcás inar staid éigeandála é an t-ionstraimiú arna tionscnamh ag imirce neamhrialta isteach san Aontas agus a d'fhéadfadh, i ngeall ar chineál an ionstraimithe nó in éineacht le hionsaithe hibrideacha eile, a bheith ina riosca d'fheidhmeanna bunriachtanacha an Stáit, lena n-áirítear a iomláine chríochach, don chaomhnú rialach agus reachta nó do chosaint a shlándála náisiúnta, nó i gcás inar staid éigeandála é an t-ionstraimiú ina bhfuil méadú suntasach gan choinne ar líon cásanna na n-iarratas ar thearmann ag an teorainn sheachtrach.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ba cheart a áireamh sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle údarú na maoluithe sonracha a d'fhéadfadh an Ballstát a chur i bhfeidhm ar Ballstát é atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, agus an dáta a shocrú óna mbeidh feidhm acu, mar aon leis an bhfad a mbeidh feidhm acu.	(19) Ba cheart a áireamh sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle údarú na maoluithe sonracha a d'fhéadfadh an Ballstát a chur i bhfeidhm ar Ballstát é atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, agus an dáta a shocrú óna mbeidh feidhm acu, mar aon leis an bhfad a mbeidh feidhm acu. ***Thairis sin, ba cheart go sonrófaí sa chinneadh na forais ar a bhfuil sé bunaithe agus raon feidhme pearsanta na maoluithe.***

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann an cúnamh is gá a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí um fhilleadh deonach a chur chun cinn nó trína dhualgais dhaonnúla a chur i gcrích, ba cheart rochtain éifeachtach a bheith ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile, go háirithe an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, ba cheart rochtain éifeachtach a bheith acu ar an teorainn faoi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha] agus i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]. ***I gcomhréir le Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis***	(20) Chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann an cúnamh is gá a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír ***nó daoine gan stát*** a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí um fhilleadh deonach a chur chun cinn nó trína ndualgais dhaonnúla a chur i gcrích, ba cheart rochtain éifeachtach ar an teorainn, faoi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)] agus i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], a bheith ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, ***go háirithe ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe***, agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile ***a gcuireann na Ballstáit cúraimí sonracha orthu***, go háirithe an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge

an Nós Imeachta Tearmainn], ba cheart rochtain ar iarratasóirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag an teorainn, a cheadú d'Ard-Choimisinéir ***na Náisiún Aontaithe*** le haghaidh Dídeanaithe. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann ***oibriú i ndlúthchomhar*** le ***gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus*** leis na heagraíochtaí ***comhpháirtíochta ábhartha***.

agus an Chorráin Dheirg. Ba cheart rochtain ar iarratasóirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag an teorainn, a cheadú don Ard-Choimisinéir le haghaidh Dídeanaithe. Chuige sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann ***leanúint den*** chomhar leis na heagraíochtaí ***sin***.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha de mhaolú ar na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], i dTreoir (AE) XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha] agus i dTreoir (AE) XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh] a bhféadfaidh Ballstát a chur i bhfeidhm i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh*** mar a shainmhínítear in ***[Airteagal 2(27)] de Chód Teorainneacha Schengen*** nuair is gá sin chun freagairt do staid den chineál sin. Foráiltear ann freisin do rialacha sonracha maidir le bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhéadfar a dhéanamh sa chás sin.	***1.*** Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha de mhaolú ***eisceachtúil*** ar na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], i dTreoir (AE) XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)] agus i dTreoir (AE) XXX/XXX [an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)] a bhféadfaidh Ballstát a chur i bhfeidhm i staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh mar a shainmhínítear i ***mír 1a*** nuair is gá ***agus is comhréireach*** chun freagairt ar chás den chineál sin. Foráiltear ann freisin do rialacha sonracha maidir le bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhéadfar a dhéanamh sa chás sin.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ciallaíonn staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh staid ina spreagann nó ina n-éascaíonn tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát chuig na teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2016/0399 nó chuig Ballstát, agus é mar aidhm leis sin an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú nuair a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit a chur i mbaol, lena n-áirítear riail agus reacht a choinneáil nó a shlándáil náisiúnta a choimirciú.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh mar a thagraítear dó sin in Airteagal 1***, Ballstát atá ag dul i ngleic le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag teacht ***chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar staid den chineál sin, féadfaidh an Ballstát sin ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát*** a ghabhtar nó a aimsítear i ngaireacht don teorainn sheachtrach ***leis an tríú tír bhfuil ionstraimiú ar imircigh á dhéanamh aige*** i dtaca le trasnú neamhúdaraithe, nó maidir le daoine a théann chomh fada le pointí trasnaithe teorann, ***i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6***:	1. I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, féadfaidh Ballstát a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar theacht isteach náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát ***a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh orthu agus***, i gcás náisiúnaigh tríú tír ***nó*** daoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach, i ndáil leis an teorainn sheachtrach a thrasnú go neamhdhleathach ***ar tír, ar muir nó san aer, nó daoine a cuireadh i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála***, nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann, ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ***maidir leis na náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát sin***:

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do chlárú na n-iarratas ***ar dócha go mbeidh bunús maith leo*** agus do chlárú na n-iarratas ó mhionaoisigh neamhthionlactha ***agus*** ó mhionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.	I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do chlárú na n-iarratas ***ó dhaoine ag a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta mar a shainmhínítear sa [Treoir maidir le Dalaí Glactha (athmhúnlú)]*** agus na hiarratais sin ó mhionaoisigh neamhthionlactha***,*** ó mhionaoisigh agus ó bhaill teaghlaigh mionaoiseach. ***Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt freisin do chlárú na n-iarratas ar dócha bunús maith leo.***

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) de mhaolú ar Airteagal 41(2)(a) agus (b) ***agus*** ar Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn ***leasaithe***], cinneadh a dhéanamh ag ***a dteorainneacha*** nó ag a gcriosanna idirthurais maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile a chláraítear laistigh den tréimhse ina gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm.	(b) de mhaolú ar [Airteagal 41(2)(a) agus (b), Airteagal 41(5) ***agus Airteagal 41(9) pointe (a)*** de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], ***agus i gcomhréir le hAirteagal 41(13) agus (14) de Rialachán sin***, cinneadh a dhéanamh ***ag na suíomhanna ag an teorainn sheachtrach, i ngaireacht don teorainn sheachtrach*** nó do limistéir idirthurais, ***nó mura féidir leis an mBallstát lena mbaineann freastal orthu sna suíomhanna sin, i suíomhanna ainmnithe***

eile laistigh dá chríoch, maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile ***arna ndéanamh ag aon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát*** agus arna gclárú laistigh den tréimhse ina gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 21Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht don scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ***ar dócha go mbeidh bunús maith leo*** agus do scrúdú na n-iarratas sin ***arna gcur isteach ag*** mionaoisigh neamhthionlactha agus ag mionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh.	I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do scrúdú ***na*** n-iarratas sin ar chosaint idirnáisiúnta ***arna gcur isteach ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta nó ghlactha acu mar a shainítear sa [Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú) agus sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*** agus na hiarratais sin ***ó*** mhionaoisigh neamhthionlactha agus ó mhionaoisigh agus a mbaill teaghlaigh mionaoiseach. ***Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt freisin do scrúdú na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar dócha bunús maith leo.***

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) de mhaolú ar Airteagal 41(11) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], ***16*** seachtaine a bheidh in ***uasfhad*** an nós imeachta éigeandála um	(c) de mhaolú ar ***[***Airteagal 41(11) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]***]***, beidh ré an nós imeachta tearmainn éigeandála le haghaidh scrúdú na n-iarratas

bainistiú tearmainn chun scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais a chláraítear laistigh den tréimhse a gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm lena linn. ***I ndiaidh na tréimhse sin, ar choinníoll nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir an nós imeachta um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 4***, ***údarófar don iarratasóir dul isteach ar chríoch an Bhallstáit chun*** an ***nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a thabhairt chun críche***.

arna gclárú laistigh den tréimhse a chuirtear ***an maolú dá bhforáiltear*** sa phointe seo i bhfeidhm ***chomh gearr agus is féidir agus ní sháróidh an ré 20*** seachtain, ***lena n-áirítear achomharc agus tosóidh an ré ó dháta cláraithe*** an ***iarratais sin***.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) de mhaolú ar [Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]] féadfar an t-agallamh pearsanta a fhágáil ar lár i gcás ina mbeidh an t-údarás cinntitheach in ann cinneadh dearfach a dhéanamh ar bhonn na fianaise atá ar fáil maidir leis an stádas cosanta coimhdí.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh, agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6, an Ballstát atá ag dul i ngleic le*** náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag chuig a theorainn sheachtrach ***mar thoradh ar***	***An Ballstát atá ag dul i ngleic le*** staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh le teacht isteach náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát chuig a theorainn sheachtrach, ***féadfaidh sé a chinneadh gan Airteagal 41a de Rialachán (AE)***

ionstraimiú imirceach, i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ***nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach*** agus ar diúltaíodh a n-iarratais ***i gcomhthéacs an nós imeachta éigeandála um bainistiú tearmainn ag an teorainn i gcomhréir le hAirteagal 2(1) pointí (b) agus (c)***, ar daoine iad nach bhfuil an ceart fanachta acu agus nach bhfuil cead fanachta acu, féadfaidh an Ballstát sin ***cinneadh a dhéanamh gan Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] agus Treoir XXX/XXX [athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh] a chur i bhfeidhm. I gcás ina dtéitear i muinín an mhaolaithe sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an méid seo a leanas:***	***XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn], ná Treoir XXX/XXX [an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)] a chur i bhfeidhm, ach an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm ina n-ionad sin agus mutatis mutandis Airteagal 4(4) de Threoir XXX/XXX [an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)] á chur i bhfeidhm ag an am céanna, maidir leis na*** náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát sin a ***bhfuil ionstraimiú á dhéanamh orthu agus a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach, nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann, a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta*** agus ar diúltaíodh a n-iarratas ***ina dhiaidh sin*** agus nach bhfuil ceart acu fanacht agus nach bhfuil cead acu fanacht.
	Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina bhfuil Ballstát ag deighleáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***, féadfaidh sé bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile chun an staid sin a bhainistiú. D'fhéadfadh na cineálacha ranníocaíochtaí seo a leanas a bheith san áireamh i ranníocaíochtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta chun leas Ballstáit atá ag deighleáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***:	1. I gcás ina bhfuil Ballstát ag déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, féadfaidh sé bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile chun an cás sin a bhainistiú ***agus féadfaidh sé cineál na mbeart tacaíochta agus dlúthpháirtíochta is gá a sonrú***. ***Is ar bhonn deonach*** atá an tacaíocht ***ó na Ballstáit eile*** agus an rannchuidiú dlúthpháirtíochta ar mhaithe le Ballstát atá ag déileáil le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***agus*** féadfar na cineálacha rannchuidithe seo a leanas a áireamh leo:
	Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le Ballstát ***atá ag dul i ngleic le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bheith ag teacht chuig a theorainn sheachtrach mar thoradh ar*** staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***, féadfaidh sé an t-údarú a iarraidh na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 ***agus*** 4 a chur i bhfeidhm.	1. Ballstát ***atá ag déileáil le*** staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, féadfaidh sé, ***i bhfianaise na staide sin***, údarú a iarraidh chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 ***nó*** 4 a chur i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ***ina measann an Coimisiún gurb iomchuí, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag*** an mBallstát iarrthach ***atá ag deighleáil le*** staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***, déanfaidh an Coimisiún togra gan mhoill le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3.	2. I gcás ina gcuirfidh an Ballstát iarrthach ***fianaise faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear gurb ann do*** staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, ***ar bhonn na fianaise sin,*** togra gan mhoill le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle mar a thagraítear dó i mír 3. ***Féadfaidh an Coimisiún togra den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin a dhéanamh ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach.***

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an togra ***sin mar ábhar práinne agus*** glacfaidh sí Cinneadh Cur Chun Feidhme lena n-údarófar don Bhallstát lena mbaineann na maoluithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 ***agus*** 4 a chur i bhfeidhm.	3. ***Mar ábhar práinne,*** déanfaidh an Chomhairle measúnú ar ***an*** togra sin ***agus, ag brath ar thoradh an mheasúnaithe i dtrácht***, glacfaidh sí cinneadh cur chun feidhme lena n-údarófar don Bhallstát lena mbaineann na maoluithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 ***nó*** 4 a chur i bhfeidhm.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Socrófar leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 an dáta óna bhféadfar na rialacha a leagtar síos in Airteagail 2, 3 ***agus*** 4 a chur i bhfeidhm, mar aon leis an tréimhse ama lena gcur i bhfeidhm, ar tréimhse í nach rachaidh thar thréimhse thosaigh sé mhí.	4. Sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3, ***luafar na forais ar a bhfuil sé bunaithe, agus*** socrófar ann an dáta óna bhféadfar na rialacha a leagtar síos in Airteagail 2, 3 ***nó*** 4 a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an tréimhse ama chun iad a chur i bhfeidhm, ar tréimhse í nach rachaidh thar thréimhse thosaigh 6 mhí, ***agus sonrófar ann na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh orthu.***

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar an staid	5. Déanfaidh an Coimisiún ***agus an Chomhairle*** faireachán agus athbhreithniú

ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***. I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a aisghairm nó Cinneadh Cur Chun Feidhme nua ón gComhairle a ghlacadh lena n-údarófar ***cur i bhfeidhm na*** maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 ***agus*** 4 ***a shíneadh*** ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis shonrach is gá don Choimisiún chun an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích agus chun an togra maidir le haisghairm nó le síneadh a dhéanamh mar aon le haon fhaisnéis eile a iarrfaidh an Coimisiún.	leanúnach ar an staid ionstraimithe. I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin ***ar bhonn faisnéise ábhartha***, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a aisghairm nó cinneadh cur chun feidhme nua ón gComhairle a ghlacadh lena n-údarófar ***leasú*** na maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 ***nó 4, nó síneadh a chur leo ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná sé mhí. I gcás ina gcuirfidh an Ballstát iarrthach fianaise faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear gurb ann fós do staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise sin, togra a thíolacadh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme nua ón gComhairle chun na maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 nó*** 4 a leasú nó a fhadú ***ar feadh tréimhse bhreise*** nach faide ná 6 mhí. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis shonrach is gá don Choimisiún chun an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích agus chun an togra maidir le haisghairm nó le síneadh a dhéanamh mar aon le haon fhaisnéis eile a iarrfaidh an Coimisiún.
	Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Leanfaidh na Ballstáit ar feadh na huastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 2 de na maoluithe nós imeachta a leagtar amach sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm i ndáil leis na hiarratasóirí sin ar cláraíodh a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den tréimhse inar féidir na maoluithe sin a

	chur i bhfeidhm go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir lena n-iarratas nó go dtí go ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát lena mbaineann a fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 4.
	Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 b. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu de bhun an Airteagail seo, áiritheoidh an Coimisiún agus an Chomhairle i gcónaí go n-urramófar prionsabal na comhréireachta.
	Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ***ar imircigh***, ***áiritheoidh*** sé dlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha ***chun na módúlachtaí a chinneadh maidir le tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí i staid an ionstraimithe i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa*** Chaibidil seo agus ***sa*** Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] agus i dTreoir XXX/XXX [an	2. An Ballstát atá ag dul i ngleic le staid ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, coinneoidh sé dlúthchomhar ar bun le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha ***eile ar chuir an Ballstát cúraimí sonracha orthu i gcomhréir leis*** an gCaibidil seo agus le Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn] agus le Treoir XXX/XXX [an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)].

Treoir maidir le Dálaí Glactha
(athmhúnlú)].

Or. en